

# CÉIM 2 CEARDLANN DEARAIDH

# TUARASCÁIL AISEOLAIS

Tá tionscadal iontach seolta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le tacaíocht ó Allies agus Morrison, speisialtóirí i ndearadh uirbeach agus i gcúrsaí rannpháirtíochta, chun tosaíochtaí áitiúla a fhiosrú d'fhonn cabhrú le todhchaí Shráidbhaile agus Chladach Bhóthar na Trá a mhúnlú.

**Forléargas ar an gCéad Chéim Rannpháirtíochta**

Labhair an fhoireann tionscadail, le linn an chéad chéime rannpháirtíochta, a reáchtáladh i míonna Feabhra agus Márta 2025, leis an bpobal, le gnólachtaí agus le grúpaí caithimh aimsire lena gcuid tuairimí a fháil maidir leis an méid is breá leo faoi Bhóthar na Trá agus na feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh sa gceantar seo. D'ullmhaigh Allies agus Morrison tuarascáil comhairliúcháin ina ndéantar cur síos ar an gcéim seo, tá an tuarascáil foilsithe ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC).

Leagtar amach sa tuarascáil na tuairimí a fuarthas le linn na gcéad imeachtaí rannpháirtíochta, inar áiríodh imeachtaí "stainnín margaidh" buail isteach feadh an phromanáid agus seisiúin do ghrúpaí fócais in Óstán Bhóthar na Trá.

Is féidir leat an tuarascáil a léamh ag an nasc a leanas:
https://www.galwaycity.ie/news/2025/salthillengagement-stage-1-report

**An Dara Céim Rannpháirtíochta**

Bhí an dara babhta rannpháirtíochta ar siúl i mí an Mheithimh 2025, chun cur leis an aiseolas a bailíodh le linn na chéad chéime, ar mhaithe le comhoibriú ó thaobh smaointe tástála de sula gcuirtear i gcrích iad. Rinneadh iarracht leis an gcéim seo na torthaí tosaigh a bhailíochtú, an fhís a bhí ag teacht chun cinn a shainmhíniú, agus straitéisí luatha a fhorbairt chun bheith mar bhonn do Chreat Shráidbhaile agus Chladach Bhóthar na Trá.

Bhí ceardlann dearaidh agus imeacht poiblí buail isteach dhá lá san áireamh sa rannpháirtíocht. Tugadh sampla ionadaíoch de ghrúpaí páirtithe leasmhara a bhí rannpháirteach sa chéad bhabhta rannpháirtíochta le chéile le linn na ceardlainne. Chuir an

seisiún buail isteach deis ar fáil do mhuintir an phobail a gcuid tuairimí a thabhairt faoi thograí agus faoi smaointe a cuireadh i láthair trí léaráidí ealaíontóra.

Tá achoimre déanta ar an aiseolas a fuarthas ón bpobal i gcoitinne (le linn an imeachta buail isteach) agus ó na páirtithe leasmhara (an Dara Lá (2) den cheardlann) agus curtha i láthair sa léirmheas seo.

Cuirtear forléargas ar fáil sa tuarascáil seo den aiseolas a bailíodh ar feadh dhá lá na ceardlainne dearaidh agus an tseisiúin buail isteach phoiblí.

**Na Chéad Chéimeanna Eile**

Léiríodh leibhéal láidir tacaíochta do na coincheapa a bhí ag teacht chun cinn sa phróiseas ceardlainne.

Cuideoidh an próiseas rannpháirtíochta fís chomhroinnte a fhorbairt do Bhóthar na Trá a chuimsíonn na téamaí agus na prionsabail phríomha a aithníodh leis an gceardlann.

Chomh maith leis sin, cuireadh ar ár gcumas leis an léirmheas liosta gonta a ullmhú de na "breithnithe dearaidh" do gach aon choincheap. Cumasóidh sé sin mionleasú na gcoincheap chun eolas a chur ar fáil do straitéisí agus do thograí deiridh an tionscadail.

**LÁ 1 DE CHEARDLANN BHÓTHAR NA TRÁ**

SEISIÚN 1 : AG LEANÚINT LEIS AN GCOMHRÁ

Torthaí ón gcéad bhabhta rannpháirtíochta - an léiriú maith atá anseo ar na saincheisteanna agus ar na deiseanna do Bhóthar na Trá?

SEISIÚN 2 : FÍS A FHORBAIRT DO BHÓTHAR NA TRÁ

Cuidiú le fís a mhúnlú - céard iad na téamaí, prionsabail agus torthaí príomha ar chóir dóibh eolas a dhéanamh do phleanáil agus do thionscadail an tsráidbhaile agus an chladaigh?

**LÁ 2 DE CHEARDLANN BHÓTHAR NA TRÁ**

IMEACHT POIBLÍ BUAIL ISTEACH

Seisiún oscailte don phobal chun féachaint ar ábhar na ceardlainne. Bhí ar chumas an lucht freastail tuairim a thabhairt maidir le céim 1 de na torthaí rannpháirtíochta, cuidiú leis an bhfís a mhúnlú agus barúil a thabhairt maidir leis na coincheapa dearaidh a bhí ag teacht chun cinn.

**SEISIÚN 3 : AG MÚNLÚ NA STRAITÉISÍ AGUS NA DTIONSCADAL**

Na straitéisí agus na tionscadail fhéideartha a iniúchadh a chuideoidh leis an bhfís do Bhóthar na Trá a chur i gcrích - céard iad na príomhthosaíochtaí a bhíonn i gceist le háit rathúil, áit a bhfuil teacht aniar ann, a mhúnlú agus cén chaoi a bhféadfaimis na riachtanais dhifriúla a chothromú?